Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Feabhra 2025**
**(OR. en)**

**5390/25**

**SOC 15**
**EMPL 12**
**EDUC 9**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) thar ceann na Slóvaice |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) thar ceann na Slóvaice**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

Ag féachaint do liostaí na n-iarrthóirí a chuir Rialtais na mBallstát agus eagraíochtaí na bhfostaithe agus eagraíochtaí na bhfostóirí faoi bhráid na Comhairle,

---

1 IO L 30, 31.1.2019, lch. 90, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/128/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 28 Márta 2023[2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna don tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2027.

(2) Chuir rialtas na Slóvaice ainmniúchán isteach le haghaidh post amháin atá le líonadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[2] Cinneadh ón gComhairle an 28 Márta 2023 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) (IO C 116, 31.3.2023, lch. 15).

*Airteagal 1*

Ceaptar an duine seo a leanas mar chomhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna don tréimhse dar críoch an 31 Márta 2027:

I. IONADAITHE RIALTAIS

| Ballstát | Comhalta malartach |
|---|---|
| An tSlóvaic | Karol JAKUBÍK |

*Airteagal 2*

Ceapfaidh an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha nár ainmníodh fós tráth níos déanaí.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*